



Ráiteas Straitéise 2022-2026

Bríomhar | Ilchineálach | Nuálach



lwetb

*Bord Oideachais agus Oiliúna
an Longfoirt agus na hIarmhí*
Longford and Westmeath
Education and Training Board



Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOLI	1
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	2
Achoimre Fheidhmeach	3 - 4
Oideachas & Oiliúint in Éirinn	5
Athchóiriú na hEarnála Poiblí	5
Forbairt Beartais	6 - 7
Timpeallacht Eacnamaíoch an Longfoirt agus na hIarmhí	8
Cuntas gairid ar BOOLI	9
Suíomh Seirbhísí BOOLI	10
Ráiteas Straitéise BOOLI 2022-2026 a Sheachadadh	11
Amlíne don Próiseas Straitéise	12
Sracfhéachaint ar Thorthaí an Chomhairliúcháin	13
Ár Misean, Ár bhFís, Ár Luachanna	14
Ár luachanna	15
Tosaíochtaí Straitéiseacha	16
Tosaíochtaí Straitéiseacha 1	17
Tosaíochtaí Straitéiseacha 2	18
Tosaíochtaí Straitéiseacha 3	19
Tosaíochtaí Straitéiseacha 4	20
Tosaíochtaí Straitéiseacha 5	21
Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht an Ráitis Straitéise	22
Giorrúcháin	23
Aguisín 1: Comhaltáí Boird BOOLI	24

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais & Oiliúna an Longfoirt & na hIarmhí



Is mór an pléisiúir dom Ráiteas Straitéise 2022 – 2026 Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) a chur i láthair. Gabhaim buíochas ó chroí leis an bhfoireann ar fad ar fud na heagraíochta BOOLI as a gcuid oibre ar fad lenár straitéis cúig bliana roimhe seo a sheachadadh go héifeachtach le linn thréimhse an-deacair. Cé go leanfaidh an straitéis nua seo ag cur lenár dtraidisiún fada maidir le freagairt go proifisiúnta do riachtanais éagsúla na bhfoghlaimoírí agus na bpobal i gcontaetha an Longfoirt agus na hIarmhí, tabharfaidh sí aghaidh freisin ar na dúshláin nua atá os ár gcomhair le COVID 19 agus an géarghá atá ann go ndéanfaimis páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí éifeachtacha


maidir le hoiriúnú don aeráid. Creidim go láidir go gcuirfidh an straitéis seo ar ár gcumas fás agus forbairt go héifeachtach agus go gcuideoidh sé linn oideachas agus oiliúint atá bríomhar agus ar ardchaighdeán a sholáthar dár bhfoghlaimoírí sna cúig bliana amach romhainn.

Is mian liom comhaltai Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí, ár bPríomhfheidhmeannach Gníomhach, Liz Lavery Uasal, a mholadh as an dian-obair leanúnach agus a dtiomantas d'fhorbairt na straitéise seo. Guím gach rath ar ár bhfoghlaimoírí agus ár bhfoireann go léir agus muid ag obair le chéile chun seirbhísí oideachais agus oiliúna atá éagsúil agus nuálach a sholáthar sna 5 bliana atá amach romhainn. Níos tábhachtaí fós, bí cúramach agus bí sábháilte.

Colle Frankie Keena

An Comh. Frankie Keena
Cathaoirleach

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Tá áthas orm Ráiteas Straitéise 2022 go 2026 Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí a chur i láthair. Leagtar amach sa doiciméad ardleibhéal seo an misean, an fhís, na luachanna, agus na spriocanna straitéiseacha dár n-eagraíocht, agus tugtar achoimre ann maidir leis an mbealach a leanfar don oideachas, oiliúint, obair óige agus feidhmeanna reachtúla eile thar na cúig bliana atá amach romhainn. Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 leis an bhfreagracht seirbhísi oideachais agus oiliúna a sholáthar ar fud an dá chontae. Tá Ráiteas Straitéise BOO an Longfoirt agus na hIarmhí teoraithe ag beartas náisiúnta agus bunaithe ar an réaltacht socheacnamaíoch agus oideachasúil reatha do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa Longfoirt agus san Iarmhí.

Cuid lármach d'fhorbairt an Ráitis Straitéise 2022-2026 ba ea deis a thabhairt do ghuth na bpáirtithe leasmhara. Forbraíodh príomhthosaíochtaí straitéiseacha tar éis comhairliúcháin fairsing agus chuimsitheacha le go leor páirtithe leasmhara. Tacóidh gach tosaíocht leis an eagraíocht leanint ar aghaidh de bheith comhaimseartha agus freagrúil maidir le freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna na bhfoghlaimoirí sa todhchaí, agus beidh na tosaíochtaí mar thaca ag misean, fis agus luachanna BOOLI.

Tá na cúig Thosaíocht Straitéiseach sa doiciméad seo chomh tábhachtach céanna. I gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara, tá sé mar aidhm leis na tosaíochtaí tacú le foghlaimoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí eispéiris foghlama ardchaighdeán a bheith acu i ndomhan atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de. Thar shaolré na straitéise, díreimid ar chur i bhfeidhm na dtosaíochtaí mar atá sainmhínithe i bPleananna Seirbhíse bliantúla BOOLI, le Tuarascálacha Bliantúla cuimsitheacha ina soláthrófar stádas na dtorthaí a bhaintear amach gach bliain.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara go léir a ghlac páirt inár bpróiseas comhairliúcháin. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann, do dhaltaí BOOLI, agus do Mheitheal Ráitis Straitéise BOOLI as an dian-obair a chuireadar isteach i seachadadh an doiciméid seo. Gabhaim buíochas libh go léir as bhur n-ionchur luachmhar.

Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísi ardchaighdeán sna blianta amach romhainn.

Liz Lavery
Príomhfheidhmeannach BOOLI

Achoimre Fheidhmeach

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá sé ar cheann de 16 BOO náisiúnta. Mar a shonraítear san Acht 2013, is é an fheidhm ghinearálta a bheidh ag bord oideachais agus oiliúna scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais, saoráidí oiliúna, seirbhísí oibre don óige agus scoláireachtaí a bhunú agus a chothabháil. Áirítear san Acht glacadh le Ráiteas Straitéise.

Is é Ráiteas Straitéise 2022 – 2026 an dara Ráiteas Straitéise do BOOLI. Leagtar amach sa doiciméad ardleibhéil seo an Misean, an fhís agus na luachanna do BOOLI agus sainnithnítear príomhthosaíochtaí straitéiseacha ann a bheidh le seachadadh thar shaolré na straitéise. Tá Ráiteas Straitéise BOOLI á threorú ag beartas náisiúnta agus bunaithe ar an réaltacht shocheacnamaíoch agus oideachasúil reatha do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa Longfort agus san Iarmhí. Soláthraíonn BOOLI seirbhísí ar fud an dá chontae i suíomhanna éagsúla, tá os cionn 1000 ball foirne ann, thart ar 14,000 foghlaimoír agus buiséad bliantúil os cionn €60 milliún.



ÁR MISEAN

Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá briomhar, ilchineálach agus nuálach a sholáthar.



ÁR BHFÍS

Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, beomhar, ar ardcháilíocht agus a aithnítear go náisiúnta agus go hidimnáisiúnta a sholáthar seirbhísí oiliúna.



ÁR LUACHANNA

Dirithe ar an bhFoghlaimoír -
Ceiliúrann Cuimsiú -
Feidhmióinn le hIonracas -
Treoraíonn le Nuálaíocht

Chun an Ráiteas Straitéise 2022-2026 a sheachadadh, bhunaigh BOOLI Meitheal Ráitis Straitéise. Mar chuid den ghrúpa seo bhí ionadaithe ó Fhoireann Cheannaireachta Shinsearach BOOLI, FET, Scoileanna, Óige, Music Generation agus Riarachán. Ar chríochnú an phróisis chomhairliúcháin agus anailíse, aithníodh cúig Phríomhthosaíocht Straitéiseacha. Tacóidh gach príomhthosaíocht le BOOLI chun fanacht freagrúil agus iad ag freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna na bhfoghlaimoír sa toadhcháil. Tá an tábhacht céanna ag baint leis na cúig Thosaíocht Straitéiseacha sa doiciméad mar seo a leanas:

- Teagasc, Foghlaim, Measúnú, Forbairt agus Eispéreas Foghlaimoír ar Ardchaighdeán a chur ar fáil
- Feabhas a chur ar Bhonneagar ar fud BOOLI
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil a Fheabhsú
- Comhpháirtíochtaí a fheabhsú
- Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Shóisialta a fhorbairt

Tosaíochtaí Straitéiseacha BOOLI 2022-2026

1. TEAGASC, FOGHLAIM, MEASÚNÚ, FORBAIRT AGUS EISPÉIREAS FOGHLAIMEORA AR ARDCHAIGHDEÁN A CHUR AR FÁIL

BÉIM::

Teagasc, foghlaim, measúnú agus forbairt ar ardchaighdeán agus chuimsitheach a sholáthar do gach foghlaimeoir agus ball foirne

2. FEABHAS A CHUR AR BHONNEAGAR AR FUD BOOLI

BÉIM:

Feabhas a chur ar thimpeallachtaí oibre agus foghlama. Bonneagar, saoráidí agus acmhainní a fhorbairt agus a fheabhsú don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí.

3. TACAÍOCHT & FORBAIRT EAGRÚCHÁIN A FHEABHSÚ

BÉIM:

Timpeallacht oibre thacúil, chomhoibrítheach agus shábháilte a sholáthar don fhoireann ar fad trí bheartais agus nósanna imeachta ábhartha a sholáthar a mbeidh Foghlaim Ghairmiúil agus Forbairt mar bhonn agus mar thaca leo.

4. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ A FHEABHSÚ

BÉIM:

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt tuilleadh go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun tacú le aitheantas branda, nuálaíocht agus deachleachtas.

5. INBHUANAITHEACHT CHOMHSHAOIL & SÓISIALTA A FHORBAIRT

BÉIM:

Nuálaíocht ísealcharbóin, bithéagsúlacht agus pobail ghlasa a chur chun cinn.

Cuirfidh an Ráiteas Straitéise 2022-2026 seo eolas ar fáil do Phleananna Seirbhíse bliantúla le Tuarascálacha Bliantúla cuimsitheacha ina soláthrófar stádas na bpríomhthosaíochtaí agus na dtorthaí go léir a bhaintear amach.

Oideachas & Oiliúint in Éirinn

Reachtaíocht & Rialachán

Mar thoradh ar an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 bunaíodh 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) ar bhonn náisiúnta. Leagtar amach san Acht 2013 feidhm ghinearálta BOO, is é sin scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais, saoráidí oiliúna, seirbhísí oibre don óige agus scoláireachtaí a bhunú agus a chothabháil, chomh maith le Ráitis Straitéise a ghlacadh agus Tuarascálacha Bliantúla a sheachadadh. Sainmhínítear obair don óige san Acht um Obair Ógra 2001 agus forálann sé d'fhorbairt shóisialta agus phearsanta daoine óga trína rannpháirtíocht dheonach, atá comhlántach lena n-oideachas acadúil nó gairmoideachais foirmiúil. Is clár comhpháirtíochta náisiúnta é Music Generation a bhfuil sé mar mhisean aige eispéiris inspioráideacha a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga trí mheán an cheoil. Déanann siad a ndícheall saol leanaí agus daoine óga a athrú ó bhonn ach deiseanna a thabhairt dóibh ceol a chruthú, a sheinm agus a chur i láthair ina bpobail féin agus ar a dtéarmaí féin. Tá Music Generation Longfoirt maoinithe go háitiúil ag BOOLI, Comhairle Chontae an Longfoirt agus Éire Ildánach Longfoirt.

Bunaíodh Cód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna chun creat a chur ar fáil do chur i bhfeidhm dea-chleachtais i rialachas corparáideach ag BOOanna. Ba mhórfhorbairt eile é an tAcht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 lenar cruthaíodh an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) mar an t-údarás náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna (FET). Ar deireadh, bhunaigh an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) mar an ghníomhaireacht Stáit neamhspleách atá freagrach as cáilíocht agus cuntasacht a chur chun cinn i seirbhísí oideachais agus oiliúna in Éirinn.

Athchóiriú na hEarnála Poiblí

Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) in Éirinn i gceannas ar thionscnaimh maidir le hAthchóiriú na hEarnála Poiblí ó 2011 i leith. Treisíonn straitéis reatha an DPER 2021-2023 arís an gá agus an spreagadh atá ann seirbhísí a sholáthar don phobal atá éifeachtach agus oiriúnach don fheidhm.

Ina ráitis straitéise do 2021-2023, tá an Roinn Oideachais, in éineacht leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, tiomanta dá soláthar seirbhíse faoi seach a fheabhsú. Agus an aidhm seo san áireamh, leanann an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Gnó (ESBS), faoin Roinn Oideachais agus i gcomhar leis na BOOanna, ag aithint agus ag cur i bhfeidhm na dtionscnamh eamála cuí chun ár soláthar seirbhíse a fhorbairt.

I measc na dtionscadal atá ar tí tosú tá Acmhainní Daonna, Párolla, Taisteal agus Cothú, Bainistíocht Saoire, Íocaíochtaí Foghlaimeora, Córais Airgeadais, Bainistíocht Sócmhainní, Oiliúint ar Conradh agus pinsin. I measc na dtionscadal atá ar tí tosú tá Earcaíocht agus Tuairisciú tríd an D/EPM. Leanann BOOLI de bheith réamhghníomhach maidir leis na tionscnaimh seo agus cinn eile mar a aithníodh le linn shaolré na straitéise seo.

Is í scéim UBU Your Place Your Space an ceann is mó de scéimeanna maoinithe óige na Roinne Leanai, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) arna riar ag BOOLI. Tháinig an scéim seo i bhfeidhm i mí Iúil 2020 agus forbraíodh í tar éis athchóiriú a dhéanamh ar scéimeanna roimhe seo nuair a rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar chlár óige – an tAthbhreithniú ar Luach ar Airgead agus Beartas i ndáil le Cláir don Óige (vFMPR).

Forbairt Beartais

Meastar go bhfuil oideachas agus oiliúint rithábachtach do théarnamh agus d'fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann, chomh maith le timpeallacht a chothú inar féidir le daoine a lánacmhainneacht a bhaint amach. Leagtar béim, i ndoiciméid le déanaí, ar an nasc idir oideachas agus fás geilleagrach, agus freisin, ar an ról lárnach atá ag an oideachas chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

Scoileanna

Le blianta beaga anuas, rinne roinnt príomhbheartais agus foilseachán an iar-bhunoideachas a threorú. Saináithnítear i Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais 2021-2023 na príomhspríocanna sna réimsí seo a leanas: oideachas den scoth a sholáthar agus eispéireas foghlama na mac léinn a fheabhsú, combhionannas deiseanna san oideachas, agus tacú le mic léinn a lánacmhainneacht a bhaint amach, agus ceannaireacht straitéiseach agus tacaíocht a sholáthar san earnáil. Chuidigh Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 – Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna in éineacht leis na Treoirínte d'Fhéinmheastóireacht Scoile le scoileanna réimsí forbartha agus dul chun cinn a shaináithint. Tugadh aghaidh ar Fholláine Mac Léinn in iar-bhunscoileanna tríd an Ráiteas Beartais Folláine agus Creat Cleachtais 2018-2023 a thug treoir do scoileanna maidir leis an mbealach is fearr le Folláine a chomhtháthú i réimsí an Chultúir, an Churaclaim, an Chaidrimh, an Bheartais agus na Pleanála.

- Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais 2021-2023
- Ráiteas Beartais Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne Oideachais 2018-2023
- Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 – Creat Cáilíochta d'Iarbhunscoileanna
- Treoirínte d'Fhéinmheastóireacht Scoile Iarbhunscoile

Leanann scoileanna digiteacha de bheith ina gcuid lárnach den oideachas. Tá Straitéis Dhigiteach nua do Scoileanna de chuid na Roinne Oideachais ar tí tarlú a chuirfidh leis an Straitéis Dhigiteach 2015-2020 agus a chuireoidh taitil agus torthaí an phróisis chomhairliúcháin le déanaí.

Breisoideachas & Oiliúint

Tá treo nua leagtha amach i Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS 2020-2024 maidir le forbairt FET in Éirinn. Is é bunchloch na straitéise nua ná go bhfuil FET ann do chách agus go bhfeidhmeoidh sé mar phríomh-thiománaí d'fhorbairt eacnamaíoch agus don chomhtháthú sóisialta araon. Cuirfear go mór le hoiliúint agus le forbairt na foirne leis an Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil agus cuideoidh sé leis na caighdeáin arda sa Teagasc agus san Fhoghlaim cheana féin. Ní bhfuair Foghlaim ar Feadh an tSaoil in Éirinn an méid sin tacaíochta, cothaithe ná spreagadh riamh.

Forbairt Beartais

- Ráiteas Straitéise na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) 2021-2023
- Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna (FET) SOLAS 2020-2024
- Plean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) SOLAS 2021 .
- Feasachán Náisiúnta Scileanna SOLAS 2021
- SOLAS: Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil Straitéis 10 mBliana um Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach do Dhaoine Fásta
- DFHERIS: Plean Gníomhaíochta don Phrintíseacht 2021–2025
- Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025 de chuid na Roinne Oideachais - Todhchaí na hÉireann
- SOLAS: Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil FET: Ráiteas Straitéise 2020-2024

Obair don ógra

Tá sé mar aidhm shonraithe ag an rialtas torthaí a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga agus Éire a bheith ar cheann de na tíortha is fearr chun fás aníos inti agus teaghlach a thógáil. Tá an Straitéis Óige Náisiúnta ar cheann de thrí straitéis uile-Rialtais a forbraíodh faoin gCreat Beartais Náisiúnta uileghabhálach, Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile. San áireamh leis seo tá misean foriomlán tacaíochtaí pobalbhunaithe lasmuigh den scoil a sholáthar, a dhíríonn ar inniúlachtaí pearsanta agus sóisialta a neartú, do dhaoine óga 10 – 24 bliana d’aois, lena n-áirítear iad siúd ó phobail agus ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

- An Straitéis Óige Náisiúnta 2015-2020
- Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020

Timpeallacht Eacnamaíoch an Longfoirt agus na hIarmhí

Tá an daonra is lú in aon údarás BOO in Éirinn sa réigiún BOOLI. De réir Dhaonáireamh 2016 is é daonra iomlán an Longfoirt agus na hIarmhí 129,643. Tá an méadú seo de 3.4% beagán níos ísle ná an meánmhéadú náisiúnta ar dhaonra an Stáit ina iomláine a bhí 3.8%. Tá leibhéal arda daonra óige sa réigiún le 31,015 nó 23.9% faoi bhun 15 bliana d'aois agus 38,711 nó 29.8% faoi 20 bliain d'aois. Tá líon suntasach náisiúnach coigríche sa dá chontae agus na figiúirí ó dhaonáireamh 2011 beagán os cionn an mheáin náisiúnta de 12%.

Tá leibhéal arda den daonra ann freisin a bhfuil gnóthachtáil íseal san oideachas acu. In 2016 bhí 9% de dhaonra an Longfoirt agus na hIarmhí os cionn 15 bliana d'aois a raibh deireadh curtha acu lena n-oideachas bunscoile nó nach raibh aon oideachas foirmiúil acu, ráta atá beagán os cionn an mheáin náisiúnta de 8%. Ina theannta sin, tá difhostaíocht fós ina gné shuntasach den saol sa dá chontae le rátaí difhostaíochta níos airde d'fhir ná do mhná de réir fhiigiúirí daonáirimh 2016. Tugtar léiriú ar na príomhstaitisticí socheacnamaíocha don Longfort agus don Iarmhí thíos.

	AN LONGFORT	AN IARMHÍ	BOOLI IOMLÁN
Daonra (Daonáireamh 2016)	40,873	88,770	129,643
Méadú Daonra	3.8% (1,873)	3% (2,606)	3.4% (4,479)
Náisiúnaigh Choigríche (Daonáireamh 2011)	14.1%	12%	12.6%
Ráta Difhostaíochta (Daonáireamh 2016 - Mná)	19%	15.5%	16.6%
Ráta Difhostaíochta (Daonáireamh 2016-Fir)	20.2%	16.6%	17.7%
Daonra Faoi 15 Bliain	10,065	20,950	31,015
Daonra Faoi 20 Bliain	12,450	26,261	38,711
Daonra 15 Bliain d'Aois agus Níos Sine Gan Oideachas Foirmiúil ar bith	648 (1.6%)	1,175 (1.3%)	1823 (1.4%)
Daonra 15 Bliain d'Aois agus Níos Sine le hoideachas bunscoile amháin	3,656 (8.9%)	6,225 (7%)	9,881 (7.6%)

Cuntas gairid ar BOOLI

Bunaíodh BOO an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus is é an t-údarás áitiúil reachtúil, oideachais agus oiliúna do chontaetha Longfoirt agus na hIarmhí é. Soláthraíonn BOOLI raon leathan seirbhísí oideachais agus oiliúna lena n-áirítear:

- Iar-Bhunscoileanna agus Coláistí
- Iar-Ardteistiméireacht
- Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna
- Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
- Seirbhísí don Ógra
- Oideachas Ceoil


Tá BOOLI á rialú ag Bord ar a bhfuil 21 comhalta. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ag an mBord chomh maith, Coiste Airgeadais, Coiste Comhairleach Óige agus Comhpháirtíocht Áitiúil um Oideachas Ceoil, atá comhdhéanta de chomhaltaí seachtracha chomh maith le comhaltaí Boid. Tugann Boird Bhainistíochta i ngach ceann de na 8 iar-bhunscoil de chuid BOOLI tacaíocht bhreise d'obair an Bhoird. Tá feidhmeanna ginearálta BOO sonraithe san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá ceannoifig BOOLI lonnaithe sa Mhuileann gCearr agus tá oifigí riaracháin lonnaithe i mbaile Longfoirt. Soláthraíonn na hoifigí seo tacaíocht airgeadais, acmhainní daonna, seirbhísí corparáideacha, foirgnimh, rialachais, planála agus ceannaireachta le haghaidh gach soláthar oideachais a chuireann BOOLI ar fáil.

Tá eolas ar an raon iomlán soláthar oideachais agus oiliúna a chuireann BOOLI ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.lwteb.ie



Suíomh na BOOLI Seirbhísí



Scoileanna

1. Ardscoil Phádraig, Gránard
2. Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain
3. Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin
4. Coláiste Pobail Bhaile na gCros
5. Coláiste Cholm Cille, Cill Liúcainne
6. Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag
7. Coláiste Pobail an Mhuilinn gCearr (Soláthar PLC san áireamh)
8. Coláiste Theampall Mhichíl, Longfort (Soláthar PLC san áireamh)
9. Naomh Antaine, Baile Átha Luain

Breisoideachas & Oiliúint

10. Ionad FET Bhaile Átha Luain
11. Ionad FET Bhaile Uí Mhatháin
12. Ionad FET Ghránard
13. Ionad FET an Longfoirt
14. Ionad FET an Mhuilinn Chearr
15. Ionad Traenála Bhaile Átha Luain
16. Ógtheagmháil Bhaile Uí Mhatháin
17. Ógtheagmháil Dhealbhna
18. Ógtheagmháil Chill Bheagáin
19. Ógtheagmháil Longfoirt
20. SDOG (Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais) Áth Luain
21. SDOG An Mhuilinn Chearr

Oifigí Riaracháin

22. Ceannoifig BOOLI An Mhuileann gCearr
23. Oifig an Longfoirt

1017 Ball Foirme

3319 Dalta
Iar-bhunscoile

9229
Foghlaimoírí
FET

Buiséad Bliantúil
thart ar
€60 milliún

Ráiteas Straitéise BOOLI 2022-2026 a Sheachadadh

An Ráiteas Straitéise a Fhorbairt


Is é seo an dara Ráiteas Straitéise atá forbartha ag BOOLI. Chun tús a chur leis an bpróiseas, bhunaigh BOOLI Meitheal Ráitis Straitéise chun gach gné den phróiseas a threorú agus a bhainistiú. Bhí an Meitheal comhdhéanta d'ionadaithe ó Fhoireann Cheannaireachta Shinsearach BOOLI, FET, Scoileanna, Óige, Music Generation agus Riarachán. Leagadh amach i bPlean Tionscadal Ráitis Straitéise BOOLI 2022-2026 an riachtanas maidir le dianobair cúlra agus an próiseas fairsing comhairliúcháin mar a leagtar amach thíos: Taighde cúlra taiscéaláíoch agus imscrúduithe deisce.

- Réamhbhreithniú agus comhaontú ó Fhoireann Cheannaireachta Shinsearach BOOLI.
- Príomhpháirtithe leasmhara a shainiú.
- Suirbhéanna na bpáirtithe leasmhara a fhorbairt.
- Suirbhéanna foirne agus mic léinn BOOLI a fhorbairt.
- Cruinnithe agus comhairliúcháin leis an mbainistíocht shinsearach agus baill foirne eile BOOLI.
- Cruinniú agus comhairliúcháin le scairshealbhóirí seachtracha
- Comhthiomsú na dtorthaí agus forbairt Dréacht-Ráiteas Straitéise.
- Dréacht-Ráiteas Straitéise a chur i láthair do Bhord BOOLI chun tuairim agus ionchur a fháil.
- Comhairliúcháin poiblí maidir leis an Dréacht-Ráiteas Straitéise.
- Athbhreithniú a dhéanamh agus críoch a chur leis an Ráiteas Straitéise.
- Ráiteas Straitéise a chur i láthair do Bhord BOOLI lena ghlacadh.
- An Ráiteas Straitéise faoí curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais, aistriú go Gaeilge agus foilsithe.

Rinneadh comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí seo a leanas:

IBEC, SOLAS, ETBI, Ranna Rialtais, Údarás Áitiúla, Coistí Contae um Chúram Leanaí, Foghlaimoirí, Tuismitheoirí, Foireann, Bainistíocht Scoile agus Ionaid, Boird Bhainistíochta, Páirtithe Leasmhara Pobail, Grúpa Comhairleach Mac Léinn FET, Grúpa Comhairleach Mac Léinn Iarbhunskoile.

Amlíne an Phróisis Straitéise



Sracfhéachaint ar Thorthaí an Chomhairliúcháin

Tar éis anailís a dhéanamh ar shuirbhéanna agus ar chruinnithe na bpáirtithe leasmhara go léir a bhí páirteach sa phróiseas, rinne BOOLI anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus dúshláin ar fud gach ceann de philéar na heagraíochta. Comhdhlúthaíodh iad seo chun an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar.

LÁIDREACHTAÍ

- Bunluachanna an Oideachais
- Cuimsitheach
- Rochtain ar Chláir
- Curaclam Leathan
- Tacaíochtaí Folláine

LAIGÍ

- Struchtúir Tacaíochta Cui
- Sásraí le haghaidh Aiseolais
- Méadú ar Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara
- Forbairt Bonneagair
- Glór
- Próifíl Eagrúcháin
- Na meáin shóisialta.
- TFC - Nascacht, Bonneagar

DEISEANNA

- Infheictheacht BOOLI agus Feasacht Branda
- Cláir chun freastal ar Réimse Leathan Riachtanais Áitiúla, Náisiúnta, Chomhshaoil agus Fostaíochta
- Glacadh le Clár Oibre Glas
- Ceannaireacht a fhorbairt
- Méadú ar Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara & Seirbhísí Níos Leithne
- Coláiste na Todhchaí FET
- Feabhas a chur ar an nguth ar fud na hEagraíochta
- Eagraíocht Chomhaimseartha - Obair Chumaisc

DÚSHLÁIN

- Earcú foirne
- Foirgnimh agus Acmhainní Scoile a Uasghrádú
- Inrochtaineacht
- Meabhairshláinte Dhearfach
- Uimhreacha a Choinneáil Ard i ngach Earnáil
- Cumarsáid a Chotheú ar fud na hEagraíochta
- Maoiniú Caipitil
- Leanúnachas Gnó agus Bainistíocht Riosca
- Folláine Foirne
- Forbairt Ghairmiúil





ÁR MISEAN

Seirbhísí oideachais agus
oiliúna atá briomhar,
ilchineálach agus nualach



ÁR BHFÍS

Seirbhísí oideachais agus
oiliúna atá gairmiúil,
beomhar, ar ardcháilíocht
agus a aithnítear go náisiúnta
agus go hidirnáisiúnta
a sholáthar




ÁR LUACHANNA

Díríte ar an bhFoghlaimoír
Ceiliúránn Cuimsiú
Feidhmíonn le hIonracas



Ár Luachanna



Díríthe ar an bhFoghlaimoír

Cuirimid foghlaimoírí i gcoilár gach rud a dhéanaimid.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Riachtanais na bhfoghlaimeoirí a chur chun tosaigh.
- Guth a thabhairt d'fhoghlaimeoirí.
- Córais agus modheolaíochtaí a athbheithniú agus a fhorbairt i gcónaí.
- Cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith an oideachais.
- Luach saothair a bhronnadh ar obair chrua agus ar thiomantas.



Ceiliúránn Cuimsiú

Déanaimid an chomhionannas a cheiliúradh agus fáiltímid roimh gach foghlaimoír.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Glacadh le hilchinéalacht na bpobal.
- Deiseanna oideachais inrochtana a sholáthar.
- Oiriúnú do riachtanais na bpobal.
- Timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a chinntiú don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí.
- Comhpháirtíochtaí a spreagadh ar fud na heagraíochta agus níos faide i gcéin.



Feidhmíonn le hIonracas

Oibrímid ar bhealach atá eiticíúil, trédhearcach agus cuntasach..

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Beartais agus córais trédhearcacha a bheith i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.
- Cumarsáid oscailte a chinntiú.
- Ómós a thabhairt do gach ball den phobal.
- Freagracht a ghlacadh as ár ngníomhartha.
- Ceannaireacht a thabhairt le deashampla.



Treoraíonn le Nuálaíocht

Treoraíonn muid nuálaíocht trí smaointe nua a chothú agus cruthaitheacht a chur chun cinn.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Forbairt ghairmiúil a chur chun cinn i ngach réimse den eagraíocht.
- Cleachtas a athbheithniú i gcónaí.
- Oiriúnú do riachtanais athraitheacha.
- Tacú le hobair na gcomhghleacaithe.
- Dul i dteagmháil le soláthraithe clár nua agus nuálaíoch.
- Saoirse a thabhairt d'fhoghlaimeoirí

Tosaíochtaí Straitéiseacha

ÁR MISEAN

Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá bríomhar, ilchineálach agus nuálach a sholáthar.

Fís: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, beomhar, ar ardcháilíocht agus a aithnítear go náisiúnta agus go hidimáisiúnta a sholáthar

Dirithe ar an bhFoghlaim

FOCHLAIMEOIRÍ

Ceiliúrann Cuimsiú

DAOINE

Feidhmionn le hIonrasc

SEIRBHÍSÍ

Treoraíonn le Nuálaíocht

EAGRAÍOCHT



Tosaíocht 1

Teagasc, Foghlaim, Measúnú ar Ardchaighdeán a chur ar fáil,

Forbairt agus Eispéireas an Fhoghlaim



Tosaíocht 2

Feabhas a chur ar Bhonneagar ar fud BOOLI



Tosaíocht 3

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil a Fheabhsú



Tosaíocht 4

Comhpháirtíochtaí a fheabhsú



Tosaíocht 5

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Shóisialta a fhorbairt

1. TEAGASC, FOGHLAIM, MEASÚNÚ, FORBAIRT AGUS EISPÉIREAS FOGHLAMA AR ARDCHAIGHDEÁN A SHOLÁTHAR

BÉIM:

Teagasc, foghlaim,
measúnú agus forbairt
ar ardchaighdeán
agus chuimsitheach
a sholáthar do gach
foghlaimeoir agus ball
foirne

1. Eispéireas foghlaimeora a bharrfheabhsú trí chultúr comhoibrithe a chur chun cinn ina gcloistear glór na mac léinn, na bhfoghlaimeoirí, na mbaill foirne agus na dtuismitheoirí/caomhnóirí agus ina gcuirtear chun cinn an deis chun dul i ngleic le cinnteoireacht laistigh de BOOLI.
2. Tacú le tionscnaimh a fhreastalaíonn ar riachtanais an chláir náisiúnta de réir mar a thagann siad chun cinn, a chuireann rannpháirtíocht mhéadaithe, comhionannas agus cuimsiú chun cinn.
3. Déanfaidh ionaid agus scoileanna cultúr a chur chun cinn agus a leabú ina dtugtar an deis dár bhfoghlaimeoirí agus mic léinn a lánacmhainneacht a bhaint amach.
4. Tacú lenár n-ionaid agus lenár scoileanna próisis féinmheastóireachta agus dearbhaithe cáilíochta a leabú ar fud seirbhísí BOOLI.
5. Cinntiú go dtugtar tús áite do shábháilteacht agus fholláine na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí uile, go gcloítear go hiomlán le rialacháin agus treoirlínte agus go léirítear Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanai.

2. FEABHAS A CHUR AR BHONNEAGAR AR FUD BOOLI

BÉIM:

Feabhas a chur ar thimpeallachtaí oibre agus foghlama. Bonneagar, saoráidí agus acmhainní a fhorbairt agus a fheabhsú don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí.

1. Foirgnimh agus saoráidí a chothabháil, a fheabhsú agus a leathnú chun cóiríocht atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí.
2. Fiosruithe a dhéanamh maidir le seirbhísí BOOLI a leathnú chun Pobalscoileanna Náisiúnta agus Coláistí FET na Todhchaí a chuimsiú.
3. Bonneagar TFC a chur i bhfeidhm agus a leathnú chun tacú le córais rialachais, córais Cosanta Sonraí, leanúnachas gnó agus bainistíocht riosca.
4. Córais faisnéise agus tuairiscithe bhainistíochta chuí a fhorbairt ar fud BOOLI.
5. Córais agus struchtúir éifeachtacha Sláinte agus Sábháilteachta a athbhreithniú agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

3. TACAÍOCHT & FORBAIRT EAGRÚCHÁIN A FHEABHSÚ

BÉIM:

Timpeallacht oibre thacúil, chomhoibríoch agus sábháilte a sholáthar don fhoireann ar fad trí bheartais agus nósanna imeachta ábhartha a sholáthar a bhfuil an Fhoghlaim agus an Fhorbairt Ghairmiúil.

1. Dea-chleachtais rialachais a leabú ar fud BOOLI de réir Chód Rialachais an BOO, na reachtaíochta reatha agus cloí leis na ceanglais tuairiscithe do ranna rialtais ábhartha.
2. Deiseanna forbartha foirne a sholáthar chun eolas a chur ar an dea-chleachtas agus chun seachadadh seirbhísí bríomhara, ilchineálach, nuálacha a chumasú.
3. Foireann oilte ar ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil agus struchtúir a leabú chun freastal ar phatrúin oibre atá ag athrú.
4. Scileanna acmhainneachta ceannaireachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta.
5. Tacú le folláine eagraíochtúil.
6. Straitéis cumarsáide inmheánach a chur i bhfeidhm.
7. Cleachtais rialachais éifeachtacha, bainistíocht riosca, comhlíonadh agus cuntasacht ar fud na heagraíochta a chinntiú agus a fheabhsú.

4. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ A FHEABHSÚ

BÉIM:

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt tuilleadh go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun tacú le haitheantas branda, nuálaíocht agus dea-chleachtas.

1. An branda BOOLI a chur chun cinn agus próifil áitiúil agus náisiúnta na seirbhísí go léir a ardú ar fud BOOLI.
2. Feabhas a chur ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus naisc a chothú le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
3. Dul i ngleic le forbairt beartais náisiúnta agus freagairt dó agus tacú lena chur i bhfeidhm.
4. Straitéis Sheachtrach Chumarsáide a chur i bhfeidhm.
5. Teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le gníomhaireachtaí agus fostóirí chun freagairtí nuálacha leanúnacha a chinntiú do riachtanais oideachais agus eacnamaíocha reatha agus amach anseo.

5. INBHUANAITHEACHT CHOMHSHAOIL & SÓISIALTA A FHORBAIRT

BÉIM:


Nuálaíocht
ísealcharbóin,
bithéagsúlacht agus
pobail ghlasa a chur
chun cinn.

1. Forbairt agus tacú le seachadadh cuspóirí náisiúnta mar a éilítear sa Plean Gníomhaíochta Aeráide 2021.
2. Cláir ábhartha oideachais agus oiliúna a sholáthar chun freastal ar éilimh oideachais agus fostaíochta mar thoradh ar forbairt an Plean Gníomhaíochta Aeráide.
3. Barrfeabhais a chur ar fhoirgnimh reatha agus ar fhoirgnimh mholta de réir na riachtanas inbhuanaitheachta.
4. Inbhuanaitheacht comhshaoil a mhéadú ar fud na heagraíochta trí phróiseas féinmheastóireachta chun eolas a mhéadú agus feasacht a forbairt maidir le gníomhú ar thorthaí.
5. Feasacht agus próisis um sholáthar Glas a forbairt.
6. Plean BOOLI a forbairt chun spriocanna nua 2030 a bhaint amach.

Feidhmiú & Monatóireacht an Ráitis Straitéise

Bunaítear leis an Straitéis seo raon tosaíochtaí uailmhianacha ach réalaíocha maidir le forbairt oideachais, oiliúna, obair don óige, oideachas ceoil agus seirbhísí coimhdeacha sa Longfort agus san Iarmhí sna cúig bliana atá romhainn. Is léir do BOOLI go mbeidh cur i bhfeidhm na Straitéise seo ag brath ar go leor fachtóirí lena n-áirítear na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil. Léirítear sa chuid seo conas a ndéanfaidh BOOLI cur i bhfeidhm na Straitéise a bhainistiú.

- Leagfar amach i ngach Plean Seirbhíse bliantúil na gníomhaíochtaí sonracha a bheartaíonn BOOLI a dhéanamh chun a sheirbhísí a sholáthar agus a fhorbairt i rith na bliana sin, chomh maith leis na buiséid ghaolmhara. Dá réir sin, beidh an Plean Seirbhíse bliantúil ina phríomhuirlis fhorfheidhmithe lena chinntiú go gcuirfear na gníomhartha a aithnítear sa Straitéis i bhfeidhm go céimneach thar an tréimhse cúig bliana.
- Feidhmeoidh ullmhúchán na Tuarascála Bliantúla mar mheicníocht monatóireachta, trína ndéanfar feidhmíocht BOOLI i ngach bliain a thomhas i gcoinne gníomhartha an Phlean Seirbhíse gaolmhar agus an Ráitis Straitéise.
- Déanfaidh BOOLI Athbheithniú meántéarmach ar an Ráiteas Straitéise go luath in 2024. Déanfaidh an t-athbheithniú seo measúnú ar dhul chun cinn maidir le baint amach tosaíochtaí agus cuirfear moltaí ar fáil, de réir mar is gá, chun a chinntiú go bhfuil BOOLI freagrúil agus briomhar.



Giorrúcháin

CE	Príomhfheidhmeannach
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
DCEDIY	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
DE	An Roinn Oideachais
DFET	Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
DFHERIS	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
DOS	Stiúrthóir Scoileanna
DOSD	Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta
DPER	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
ETB	Bord Oideachais agus Oiliúna
ETBI	Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann
ESBS	Seirbhís Tacaíochta Oideachais Gnó
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
ICTU	Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn
BOOLI	Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí OSD Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
PLC	Iar-Ardteistiméireacht
QA	Dearbhú cáilíochta
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
VTOS	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
vFMPR	Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ar Chláir don Ógra

Aguisín 1:

Comhaltaí Boird BOOLI Ainm

Ainm


An tUasal Luke Casserly
An tUasal Donie Cassidy
An Comh. Aoife Davitt
An Comh. John Dolan
An Comh. Michael Dollard
Josephine Donohue Uasal
Niamh Ginnell Uasal
An Comh. Ken Glynn
An Comh. Gerry Hagan
An tUasal Colm Harte
An Comh. Louise Heavin
An Comh. Frankie Keena* (Cathaoirleach)
An Comh. Denis Leonard
Kathleen McGahern Uasal
An tUasal Mark Murphy
An Comh. Garry Murtagh
An Comh. Peggy Nolan
Mary O'Brien Uasal
An Comh. Pat O'Toole* (Leas-Chathaoirleach)
Emily Wallace
An tUasal Colin Whyte

Comhlacht Ainmniúcháin


Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
Tofa ag Comhairle Chontae an Longfoirt
Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
Ionadaí na dTuismitheoirí
Ionadaí Tuismitheoirí
Tofa ag Comhairle Chontae an Longfoirt
Tofa ag Comhairle Chontae an Longfoirt
Ionadaí Foirme
Tofa ag Comhairle Chontae an Longfoirt
Tofa ag Comhairle Chontae na hIarmhí
Ionadaí Foirme

*Cllr. Aoife Davitt (Nua Cathaoirleach Feabhra 2022)

*Cllr Gerry Hagan (Nua Leas-Chathaoirleach Feabhra 2022)


 Oifig an Mhuilinn gCearr
Páirc Ghnó Marlinstown,
An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí, N91 RW96

Oifig Riaracháin An Muileann gCearr

 044 934 8389

 info@lwebt.ie

Breisoideachas & Oiliúint

 044 934 2111

 fet@lwebt.ie



An Roinn Oideachais
Department of Education



An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science



Ireland's European Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020

Co-funded by the Irish Government
and the European Union



EUROPEAN UNION

Investing in your Future

European Social Fund



www.lwebt.ie